# Leasuithe ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 & T2

Ag freagairt d'iarratais ó pháirtithe leasmhara, choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach i 2022.

Thug an tOllamh Ó Duibhir agus an Dr Mac Gearailt ó SEALBHÚ in Ollscoil Bhaile Átha Cliath faoin athbhreithniú. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar Foilseacháin | NCCA

## Comhthéacs

Ba é cur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua T1 agus T2 don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach i Meán Fómhair 2017, an chéad uair a cuireadh múnla sólathair idirdhealaithe ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge in earnáil an iar-bhunoideachais íochtaraí in Éirinn.

Tharla cur i bhfeidhm na sonraíochtaí seo tráth a raibh cuid mhór athruithe ar bun san oideachas iar-bhunscoile agus lean sé díospóid thionsclaíoch fhada freisin. Ba é moill ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) an phríomh-thoradh a bhí ar an díospóid sin agus bhí tionchar mór aige sin ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua don Ghaeilge.

Chomh maith leis sin, i rith bhliain a trí den chur i bhfeidhm, chuir phaindéim Covid-19 isteach go mór ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc. Mar thoradh air sin, dúnadh scoileanna ar feadh tréimhsí fada agus bhí gá an fhoghlaim agus an teagasc a bhogadh go hardáin ar líne. De bharr seo, ní raibh an taithí iomlán ag scoláirí ná ag múinteoirí ar na trí bliana den tsraith shóisearach mar a bhí beartaithe sna sonraíochtaí nua.

Tharraing an t-athbhreithniú luath seo aird ar láidreachtaí na sonraíochtaí. Ina measc seo, cuireadh fáilte ghinearálta roimh mhúnla soláthair idirdhéalaithe ag an gcéim seo den oideachas; leibhéal rogha maidir le téacsanna a roghnú; tuiscint mhéadaithe ar úsáid torthaí foghlama agus ar an tsolúbthacht a thugann siad seo; úsáid modheolaíochtaí foghlama gníomhacha; agus úsáid na Gaeilge labhartha mar spreagadh d'fhoghlaim na scoláirí. Ina theannta sin, tharraing an t-athbhreithniú aird ar dhúshláin a bhaineann le leibhéal deacrachta na sonraíochta T2 agus ar dhúshláin a bhaineann le pointí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach; an-iomarca béime ar an litríocht agus gan dóthain béime ar fhorbairt scileanna labhartha; agus easpa béime ar an gcomhrá agus nach dtugann na comhpháirteanna measúnaithe dóthain tacaíochta do scoláirí na scileanna sin a fhorbairt.

Ag tarraing ar na gnéithe comhthéacsúla a bhain leis an athbhreithniú, rinne Comhairle CNCM breithniú cúramach ar thorthaí na tuarascála ar an athbhreithniú luath agus tá gníomhartha agus amlínte aontaithe acu mar seo a leanas:

| Cohórt scoláirí | Gníomhartha |
| --- | --- |
| 2022 – 2025 (1ú bl reatha) T1 agus T2 | ▪ Laghdú ar íosmhéid na litríochta a bheidh le plé sa **dara agus sa tríú bliain**<br><br>▪ MRB1 ar siúl sa dara bliain<br><br>▪ MRB2 athshamhlaithe i dtreoirlínte measúnaithe athbhreithnithe. |
| 2023 – 2026 (scoláirí ag tosú sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2023)<br>T1 agus T2 | ▪ Laghdú ar íosmhéid na litríochta a bheidh le plé sa **chéad, sa dara agus sa tríú bliain**<br><br>▪ MRB1 ar siúl sa dara bliain<br><br>▪ MRB2 athshamhlaithe i dtreoirlínte measúnaithe athbhreithnithe. |

Bhí an Chomhairle aireach faoin tábhacht a bhaineann le freagairt go luath d'eispéiris agus d'ábhair imní múinteoirí agus scoláirí. Mar thoradh air sin, beidh athruithe ag teacht i bhfeidhm do scoláirí atá sa tsraith shóisearach anois cheana féin le cuid de na gníomhartha seo agus beidh athruithe eile ag teacht i bhfeidhm do scoláirí a chuirfidh tús leis an tsraith shóisearach i Meán Fómhair 2023.

Rinneadh leasuithe ar shonraíochtaí T1 agus T2 mar fhreagairt ar aiseolas an athbhreithnithe seo. Baineann na sonraíochtaí leasaithe le scoláirí reatha na chéad bhliana (iad siúd a thosaigh sa chéad bhliain in 2022) agus le gach cohórt scoláirí ina dhiaidh sin.

Déanfar leasuithe freisin ar na Treoirlínte Measúnaithe do T1 agus T2.

### Tús áite a thabhairt d'Athbhreithniú Leantach ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach T1 agus T2

Thug Comhairle CNCM am agus aird nach beag agus ar leith do na léargais a bhí in aiseolas na múinteoirí agus na scoláirí san athbhreithniú luath seo ar ghné na teanga labhartha sna sonraíochtaí. Sa phlé, díríodh isteach ar an tábhacht a bhaineann le tacú leis an teanga labhartha agus le forbairt agus measúnú cuí a dhéanamh ar na scileanna teanga seo.

Feasach ar chomhthéacs an athbhreithnithe luath, mar aon leis an ngá atá ann freagairt le cinntí agus gníomhartha atá fianaisebhunaithe agus a d'fheadfadh tionchar dearfach a imirt ar Ghaeilge labhartha na scoláirí go léir, tá tús áite tugtha ag an gComhairle d'athbhreithniú leantach a bhaileoidh aiseolas níos mionsonraithe ar eispéiris na scoileanna ar a bheith ag obair le sonraíochtaí T1 agus T2 don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.

Tabharfaidh an t-athbhreithniú leantach seo aird ar leith ar oideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí chun torthaí foghlama T1 agus T2 a chur i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn siad muinín agus cumas na scoláirí labhairt agus idirghníomhú le daoine eile i nGaeilge, agus ar bhealaí cruthaitheacha agus tarraingteacha chun an fhoghlaim seo a mheas. Agus é seo á dhéanamh, díreoidh an t-athbhreithniú ar chur chuige a chuimsíonn gach scoláire atá ag foghlaim na Gaeilge.

Díreoidh an t-athbhreithniú leantach ar chohórt scoláirí atá ag tosú sa tsraith shóisearach i Meán Fómhair 2023. Tugann sé seo deis freisin monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar na hathruithe thuasluaite, a tugadh isteach mar fhreagairt ar an gcéad athbhreithniú luath.

Tá an Chomhairle tiomanta tús áite a thabhairt don obair seo agus am a thabhairt, ar bhonn bliantúil, chun na torthaí a thagann tríd ón athbhreithniú leantach a bhreithniú. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh gníomhartha chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach bunaithe ar an bhfianaise a thiocfaidh chun cinn sa taighde leantach, agus i bhfianaise taighde níos leithne, mar shampla an staidéar fadaimseartha atá ar siúl ag CNCM ar thaithí scoileanna ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach mar aon le taighde ábhartha ó eagraíochtaí eile. Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt aird ar leith ar scileanna labhartha na Gaeilge agus í i mbun plé ar thorthaí taighde ábhartha.

## Achoimre ar phríomhleasuithe

### Príomhleasuithe ar an litríocht

Tá laghdú ar an íosmhéid litríochta atá le plé thar na trí bliana den tsraith shóisearach. Tá sé mar aidhm ag an athrú seo cur leis an am atá ar fáil chun díriú go sonrach ar fhorbairt chumas labhartha agus idirghníomhaithe na scoláirí trí Ghaeilge.

- **Don chohórt scoláirí 2022-2025 (scoláirí reatha na chéad bhliana)** déanfar laghdú ar an íosmhéid litríochta a chaithfear a phlé leis sa dara agus sa tríú bliain. https://www.gov.ie/ga/ciorclan/15b62-leasuithe-ar-shonraiochtai-gaeilge-t1-agus-t2-na-sraithe-soisearai-agus-socruithe-measunaithe-do-mheasunuithe-rangbhunaithe-1-agus-2/

- **Don chohórt scoláirí 2023-2026 (scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2023)** agus do gach cohórt scoláirí ina dhiaidh sin, déanfar laghdú ar an íosmhéid litríochta a chaithfear a phlé sa chéad, sa dara agus sa tríú bliain. https://www.gov.ie/ga/ciorclan/15b62-leasuithe-ar-shonraiochtai-gaeilge-t1-agus-t2-na-sraithe-soisearai-agus-socruithe-measunaithe-do-mheasunuithe-rangbhunaithe-1-agus-2/

Déanfaidh CNCM athbhreithniú agus leasú iomlán ar ábhar na liostaí téacsanna don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach sa scoilbhliain 2023/24. Díreoidh an obair athbhreithnithe seo ar infhaighteacht téacsanna agus ar a n-oiriúnacht do chomhthéacsanna scoile éagsúla. Déanfar seo d'fhonn tacú le múinteoirí agus le scoláirí téacsanna a roghnú atá tarraingteach, ábhartha agus ar chaighdeán oiriúnach do riachtanais foghlama na scoláirí.

### Príomhleasuithe ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna):

#### CBA 1: Punann Teanga

Beidh MRB 1 ar siúl anois sa dara bliain rud atá ar aon dul le gach ábhar eile sa tsraith shóisearach.

Féachann an t-athrú seo le cuid den bhrú ama sa tríú bliain a d'aithin múinteoirí agus scoláirí san athbhreithniú seo a mhaolú agus díriú níos mó ar fhorbairt scileanna cumarsáide béil sa tríú bliain

Baineann an t-athrú seo le scoláirí atá sa chéad bhliain faoi láthair agus le gach cohórt scoláirí ina dhiaidh sin.

### CBA 2: Tasc Cumarsáideach

Tabharfaidh CNCM faoi athbhreithniú ar MRB 2 don T1 agus T2.  Déanfar MRB 2 T1 agus T2 a athshamhlú.  Déanfar leasuithe ar MRB 2 a dhréachtú le hionchur ó mhúinteoirí.

Féachann na leasuithe seo le freagairt d'aiseolas ó mhúinteoirí agus ó scoláirí san athbhreithniú ar an ngá atá le níos mó béime a chur ar chomhrá trí Ghaeilge, agus níos lú béime a chur ar tháirgeadh labhartha agus díriú níos mó ar idirghníomhaíocht cainte.

Foilseofar na mionsonraí de MRB 2 athshamhlaithe do T1 agus T2 i leaganacha nuashonraithe de na Treoirlínte Measúnaithe roimh dheireadh mhí Aibreáin 2023. Beidh gach eolas ar fáil ar Gaeilge (curriculumonline.ie)

Baineann an t-athrú seo le scoláirí reatha na chéad bhliana, a chuir tús leis an tsraith shóisearach i Meán Fómhair 2022, agus le gach cohórt scoláirí ina dhiaidh sin.

CRÍOCH / ENDS